

## **Coláiste Gaoth Dobhair/Chú Chulainn**

### **Gaoth Dobhair**

### **Contae Dhún na nGall**

#### **Polasaí Frithbhulaíochta**

Tá gach duine i gColáiste Gaoth Dobhair/ Coláiste Chú Chulainn i dteideal urraime agus a bheith slán ó aon chineál bulaíochta nó maistíneachta. Oibreoidh an coláiste go réamhghníomhach, chomh fada agus a thig leis, le cinntiú nach dtarlaíonn bulaíocht. Is iompar freagrach céillí é bheith ag cur in iúl má bhíonn tromaíocht ar siúl. Má tá tromaíocht á himirt ort nó má tá eolas agat ar eachtra tromaíochta, cuir an méid sin in iúl d'údarás an choláiste a luaithe agus is féidir. Coinneofar taifead de gach teagmhas bulaíochta a thuairiscítear. Caithfear go dáiríre leis an gceist agus glacfar na céimeanna cuí chun a chinntiú nach leanfaidh an bhulaíocht ar aghaidh.

#### **Aidhm an Pholasáí**

Is é aidhm an pholasáí ná go mbeidh meas ag gach duine ar a chéile i gColáiste Gaoth Dobhair/ Coláiste Chú Chulainn, go gcothófar atmaisféar sona agus féinmhuinín sna mic léinn. Spreagfar cultúr ina nglactar go fonnmar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht; ina spreagtar mic léinn chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal an choláiste. Má fheictear fadhb cuirfear in iúl don phríomhoide / údarás an choláiste láithreach í agus ar ndóigh, déanfar cothrom na féinne a chinntiú.

#### **Sainmhíniú ar an mBulaíocht**

Is éard atá i gceist le bulaíocht ná duine amháin nó grúpa ag cur isteach go leanúnach ar dhuine / dhaoine eile, ó bhéil, ar bhonn síceolaíoch nó ar bhonn fisiciúil. Ní féidir bulaíocht a chur ar eachtraí aonracha. Nuair atá na heachtraí thuas luaite ag tarlú go leanúnach áfach, is bulaíocht atá ann. Bíonn rath ar bhulaíocht in áiteanna agus in atmaisféar rúnda agus ní féidir smacht a chur air go dtí go nglacann pobal an choláiste go bhfuil an fhreagracht ar gach duine bulaíocht a thabhairt chun solais má tá sé ag tarlú dóibh nó do dhaoine timpeall orthu.

**\*Bulaíocht Daoine Fásta** Bíonn sé níos deacra bulaíocht daoine fásta a aithint toisc go mbíonn sé: Seasmhach, Gan stró, Caolchúiseach, Gan a bheith fisiciúil, de ghnáth. Moltar d'aon duine a bhfuil ag fulaingt de bharr tromaíochta de dul chuig an bpríomhoide / leas-phríomhoide agus déanfar gach dícheall ar a shon.

#### **Cineálacha Bulaíochta**

- Náiriú; ar a n-áirítear baisteachán, tagairt do chumas acadúil, claonadh gnéis srl.
- Imeaglú; a chuimsíonn úsáid ionsaitheach teanga choirp.
- Drochíde bhéil, drochíde fhisiceach nó drochíde a bhagraítear.

- Caint bhorb bhruíonach nó ghraosta nó bagairtí a chuimsíonn éilimh ar airgead.
- Cúis ghrinn ionsaitheach; ó bhéal, ar ríomhphost nó ar theachtaireacht téacs srl.
- Leatrom nó íospairt; ar a n-áirítear ráitis nó caint iontach pearsanta.
- Eisiamh agus aonrú i.e ag coinneáil daoine eile amach as imeachtaí, cuideachta srl.
- Cur isteach trí bhaint le maoin phearsanta duine srl.
- Ionsaí trí ráfla, cúlchaint, sáiteán nó leathfhocal, díspeagadh nó magadh ar chluí duine eile.
- Cibearbhulaíocht – Twitter, MSN, Facebook agus teachtaireachtaí téacs.

### **Samplaí den Bhulaíocht**

**Bulaíocht Fhisiceach:** Is bulaíocht é má bhrúnn tú, má chiceálann tú agus /nó má bhagraíonn tú ar dhuine eile ar dhóigh ionsaitheach nó má úsáideann tú aon chineál eile foréigin.

**Bulaíocht Shíceolaíoch agus Mhothúcháinach:** Is bulaíocht é má deir/scriobhann tú tuairimí míthaitneamhacha le/faoi dhuine eile m.s. baisteachán, stalcaireacht, tú bheith tarcaisneach, ag scaipeadh ráflaí, ag spochadh as duine nó ag rá rudaí atá ionsaitheach ó thaobh gnéis de. Is bulaíocht é má ghlacann tú nó má dhéanann tú dochar do rudaí pearsanta duine eile, má chiapann tú nó má dhéanann tú aonaránú ar dhuine eile nó má úsáideann tú comharthaí bagracha. Is bulaíocht é fosta úsáid mhíchuí na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide in aghaidh daoine eile.

**Bulaíocht Chiníoch:** Is bulaíocht é má imríonn tú leatrom ar dhaoine eile nó má chaitheann tú go dímheasúil leo nó ar dhóigh dhifriúil mar gheall ar a gcultúr, a ndúchas eitneach, a gcreideamh, a ngnéaschlaonadh, a mballraíocht sa Lucht Siúil, a míchumas nó a gcine.

**Bulaíocht Ghnéasach:** Is bulaíocht é má dhéanann tú réamhbhogadh gnéasach gan iarraidh nó más tú is cúis le duine mothú míchompordach agus / nó imeaglaithe, m.s. claontagairt ghnéasach, pornagrafaíocht, teagmháil ghnéasach gan fáilte nó scaipeadh ráflaí faoi iompar nó claonadh gnéasach duine.

**Bulaíocht Chaidrimh:** Is bulaíocht é má tá baint ar bith agat le haon iompar a bhfuil sé mar sprioc aige dochar a dhéanamh do chairdeas nó mothúcháin chuimsitheachta duine eile i ngrúpa cairdis. Tá tú i mbun bulaíochta má chuireann tú cosc ar dhuine eile páirt iomlán a ghlacadh in aon ghníomhaíocht scoile.

### **Nósanna Imeachta maidir le Teagmhais Bhulaíochta a thuairisciú**

Ba chóir do mhic léinn aon chineál bulaíochta a phlé le húdarás an choláiste. Is iompar freagrach é seo agus ní ghlactar leis mar ‘sceitheadh’ ar dhuine eile.

## **Nósanna Imeachta maidir le déileáil le teagmhais bhulaíochta**

- ✓ Leanfar na treoirlínte atá i gCód Cleachtais ACCS, ASTI, IMPACT agus TUI. Ar fáil ar shuíomh idirlín [www.accs.ie](http://www.accs.ie)
- ✓ Cuirfidh an pearsanra cuí foirne agallamh ar gach mac léinn a bhfuil baint acu le teagmhas bulaíochta.
- ✓ Labhrófar go speisialta leis an íospartach líomhnaithe agus leis an té ar cuireadh an bhulaíocht ina leith agus spreagfar iad leis an bhfadhb a réiteach.
- ✓ Iarrfar ar an íospartach líomhnaithe agus ar dhéantóir líomhnaithe na bulaíochta na sonraí a bhaineann leis an chás a scríobh síos.
- ✓ Cleachtaíonn muid cur chuige socair, neamhchorraithe nuair a bhíonn muid ag déileáil le heachtraí bulaíochta.
- ✓ Coinníonn muid cuntas scríofa ar chainteanna ar bith a bhí againn leo siúd a bhí páirteach san eachtra.

Sa chás go meastar an teagmhas a bheith ina mhioncheist, tabharfar rabhadh ó bhéal agus cuirfear in iúl go bhfuil cód iompair an choláiste á shárú.

Má leantar den drochiompar nó más ceist níos tromchúisí í, réactálfar cruinniú speisialta de Choiste Choláiste Chú Chulainn agus déanfar cinneadh bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil.

Cuirfear amach as an gcoláiste aon duine a sháraíonn riail thromchúiseach ar bith de chuid an choláiste. (Féach Cód Iompair Choláiste Ghaoth Dobhair/ Choláiste Chú Chulainn)

Cuirfear i gcuimhne do mhic léinn go bhfuil cead achomairc acu.

Ghlac an Coiste Stiúrtha leis an bpolasaí seo ar an 23/01/2015

Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ar an 17/07/19

**Caoimhín Ó Casaide (Stiúrthóir/Director)**

**Aodh Mac Fhionnghaile (Stiúrthóir/Director)**

**Dáta an chéad athbhreithniú eile: 30 Aibreán 2020**